Rinneadh an seoladh leabhair de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ÚBM), 'A Journey Along the Carlow Corridor - the archaeology of the M9 Carlow Bypass', sa Mhúsaem Déardaoin an 23ú Iúil. Is cuid de scéim na monagraf bóithre de chuid an ÚBM atá ann agus is é seo uimhir a sé déag sa tsraith. Ba é an Dr. Maurice Manning, Seansailéir Ollscoil na hÉireann, a sheol an leabhar. Ba in Ionad Faisnéise agus Oiliúna Choláiste Cheatharlach, Sráid na Tulaí, a tugadh na hóráidí agus bhí an fáiltiú ar siúl ina dhiaidh sin i Músaem Contae Cheatharlach mar a raibh deis ag daoine féachaint ar an taispeántas "Turais siar sna blianta - Seandálaíocht Sheachbhóthar Cheatharlach".

Déantar cur síos sa leabhar ar ar tháinig chun solais tar éis na n-íniúcháí seandálaíochta a rinneadh sa bhliain 2006 ar 57 láithreán sular tosaíodh ar Sheachbhóthar Cheatharlach a thógáil ar an M9. Tógadh an bóthar thart timpeall ar an taobh thoir de bhaile

Cheatharlach. De bharr na dtochailtí bhíothas ábalta fáil amach céard iad na hathruithe a tharla sa chomhshaol agus sa tírdhreach áitiúil in imeacht na mílte bliain, ó dhlúthchoillearnach na ré Méisilití go diantalmháocht an lae inniu. Fuarthas fianaise indéach ar na lonnaitheoirí ba luaithe a bhí i gCeatharlach sa ré Mhéisiliteach mar thángthas ar láithreáin ina raibh uirlisí cloiche, rud a chuir leis na torthaí a tháinig as suirbhéanna a rinneadh roimhe sin feadh ghleann na Bearú.



Comhaltaí Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach leis an Dr. Maurice Manning (sa lár) agus Noel Dunne, Seandálaí de chuid ÚBN (ar chlé)

Tá de thátal le baint as aimsiú tithe a gcreidtear go dtí seo gurbh iad na tithe ba luaithe sa chontae iad go raibh dream feirmeoireachta lonnaithe sa limistéar sa ré Neoiliteach. Is teistiméireacht ar gheilleagar láidir na Cré-umhaoise na láithreáin tithe, deasghnátha agus tionscail a bhíodh ar fud fad na háite agus ar ghabh gnéithe casta cultúrtha leo. Cinntíodh nach dtaobhódh an bealach na láithreáin mheánaoiseacha atá ann; ach tugann an tseandálaíocht a bhaineann le cúlchríocha na láithreán sin, áfach, léargas fíorspéisiúil dúinn ar shaol na tuaithe mar a bhíodh sa chontae sa mheánaois agus ina diaidh. Tá léaráidí galánta sa leabhar agus tá achoimre ar na láithreáin go léir atá tochailte le fáil ag an léitheoir ann. Tá na mórfhionnachtana roghnaithe, agus tá aistí curtha le chéile agus curtha i láthair in ord aimsire, chun aird a tharraingt ar na príomhthorthaí. Tugtar comhlánú iomlán na ndátaí don dátú radacarbóin don tionscadal.

An Post Rás, Rás Rothair Idirnáisiúnta na hÉireann:

Ritheadh an rás, An Post Rás 2015, rás rothair Idirnáisiúnta na hÉireann sa chontae Dé Domhnaigh, an 17ú Bealtaine an lá ar thosaigh Céim 1 den rás ocht lá amach as Dún Búinne, Co. na Mí ar an mbealach go dtí Sráid na Bearice i mbaile Cheatharlach. Chuir na rothaithe, idir rothaithe gairmiúla, leathghairmiúla agus amaitéarachacha 154.4km díobh go ceann cúrsa ar Shráid na Bearice, i mbaile Cheatharlach tar éis dóibh Baile Haicéid, Cluain na nGall agus Balana a chur díobh. Ba é Músaem Contae Cheatharlach a rinne an obair chomhordaithe ar cheann agus ar thús chúrsa na céime. Rinne an Músaem obair chomhordaithe roimhe sin ar cheann agus ar thús na céime le haghaidh rás na bliana 2013 mar chuid de thaispeántas an chomhairimh 40ú bliain in ómós Mhaidhc Uí Dhonnchú (féach Tuarascáil Bhliantúil 2013).

Chuaigh an rás thart timpeall an bhaile ó Thimpeallán Cheárta De Bhál (acomhal an N80 leis an R725) agus chas sé ar dheis isteach ar Lána Uí Mhurchú; ag acomhal Lána Uí Mhurchú le hacomhal Bhóthar Bhaile Haicéid (R726) chas sé ar dheis isteach ar Bhóthar Bhaile Haicéid (R726) agus thug a aghaidh amach as an mbaile; chas sé ar chlé ar an mBóthar Faoisimh ó Thuaidh, (a cheanglaíonn Bóthar Bhaile Haicéid R726 le Bóthar Bhaile Átha Cliath R448), agus tháinig sé amach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag monarcha Merck Sharp & Dohme; d'iompaigh sé ar chlé isteach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath (R448), agus lean sé air ar an mbóthar isteach díreach go dtí an baile tar éis timpealláin Na Ceithre Lochanna, Pairc na bhFianna agus Pháirc an Chuilinnigh a chur de agus bhain ceann cúrsa amach ar Shráid na Beairice (Carpenters Pub/ Rattlebag Café).



Léargas ar na sluaite a bhailigh feadh Shráid na Beairice do chríochnú cheann cúrsa Chéim 1.

Ba é an tIodálach Francesco Reda a bhí ar an bhfoireann Idea Conad a bhuaigh an chéim agus ba é an tOstarach Lukas Postlberger a bhí ar Fhoireann Rothaíochta na Tioróile a tháinig isteach sa dara háit. Ba í sin Céim 1 den rás agus ní hé amháin gur bhuaigh Francesco Reda í ach b'eisean freisin a bhí chun cinn sa rás (an geansaí buí aige). Nuair a bhí na hocht lá curtha isteach, ba é Lukas Postlberger, a bhí sa dara háit i gCeatharlach, buaiteoir an rása ina iomlán. Measadh go raibh an rás isteach go ceann cúrsa i gCeatharlach ar cheann de na chéad chéimeanna ba chrua ó bhí na 1990idí ann agus bhí uair an chloig idir an chéad rothaí agus an rothaí deireanach a tháinig isteach. Bhí sluaite móra ag faire an rása agus ag tacú leis ar fud an chontae.

Tháinig foirne ón Fhrainc, an Bhreatain, an Ostair, SAM, an Iodáil, an Nua-Shéalainn, Ceanada, an Astráil agus ón mBeilg. Tríd is tríd bhí breis is cúig chéad duine gafa leis an rás lena n-áirítear na rothaithe, meantóirí na bhfoirne, oifigigh an rása, maíor agus na Gardaí. Agus é ar an ardán ag an gceann cúrsa chuir an Clr. Fergal Browne, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, fáilte roimh an rás go dtí an contae.

Thosaigh Céim 2 amach ó Oifig an Phoist ar Shráid Bhoirne sa bhaile ag a 11.00am Dé Luain, an 18ú Bealtaine. Bhí na rothaithe tar éis cruinniú le chéile i gcarchlós Halla an Bhaile agus thionlaic Banna Ceoil Scoil na Toirbhearta go tús an chúrsa iad. Lean an rás leis ar Shráid Bhoirne ansin, agus amach Bóthar Chill Chainnigh (R448) agus d'fhág sé an contae i mBaile Phóil agus é ar a bhealach go ceann cúrsa na céime i mbaile Thiobraid Árann. Is oibríthe deonacha as gach cearn d'Éirinn iad baill foirne an choiste don Rás. Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach leis an tionscnamh seo. Fuair an Músaem cabhair ó bhaill foirne de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach, oifigigh Cosanta Sibhialta, Gardaí Cheatharlach, Comhpháirtíocht Spórt Cheatharlach agus ó lear mór oibríthe deonacha, gnólachtaí agus eagraíochtaí feadh bhealach an rása. Ba í Cora Brennan Uas., Global Cycles, Sráid na Bearice 'Cailín An Post Rás' i gCeatharlach.



Tús an rása Dé Luain, an 17ú Bealtaine ar Shráid Bhoirne mar ar thionlaic Banna Ceoil Scoil na Toirbhearta na rothaithe ó Halla an Bhaile go dtí Oifig an Phoist.

Mar chuid den rás, d'eagraigh an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre atá ag an gComhairle Comórtas Ealaíne don tSábháilteacht ar Bhóithre 2015 de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach i gcomhar le Músaem Contae Cheatharlach, Comhpháirtíocht Spórt Cheatharlach agus An Post Rás. Rothaíocht go Sábháilte an téama a bhí leis chomh maith le gné stairiúil a bhain leis an gcontae a bheith ann. Iarradh ar dhaltaí na mbunscoileanna uile sa chontae páirt a ghlacadh ann. Tháinig iontrálacha isteach ó aon scoil déag. Bhain an cúigeab ab fhearr geansaí rothaíochta An Post an duine agus bronnadh orthu iad ar an ardán ag an gceann cúrsa mar chuid de chríochnú na céime Dé Domhnaigh, an 17ú Bealtaine. Bronnadh an chuid eile de na duaiseanna Dé Sathairn, an 20ú Meitheamh seo caite ag searmanas speisialta sa Mhúsaem.

Bhronn Eddie Dawson, Stiúrthóir Cúnta, An Post Rás, plaiceanna a bhí coimisiúnaithe go speisialta ar bhuaiteoirí na nduaiseanna speisialta: Reuben McCarthy, S.N. na mBuachaillí, An Tulach; Sarah Murphy, S.N. Bhaile an Choillín; Niamh Raftery, S.N. Bhaile na mBreatnach agus Jay Condon, S.N. Sheosaimh, Ceatharlach.

Bhronn an Clr. Anne Ahern, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim plaiceanna ar: An Rang 1 Ab Fhearr, Clare Ní Éilí, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc; An Rang 2 Ab Fhearr, Molly Dempsey, SN an Teaghlach Naofa (Cailíní); An Rang 3 Ab Fhearr, Ben Clancy, SN an Easpaig Uí Fhoghlú, agus An Rang 4 Ab Fhearr, Bríd Doyle, Scoil Moling, An Gleann.

Bhronn Dan McInerney, Uas., An Príomhfheidhmeannach Gníomhach plaiceanna don Rang 5 Ab Fhearr ar Katie Moore, SN Bhinn an Choire; An Rang 6 Ab Fhearr, Pádraig Thompson, SN Thigh an Réileáin, An Dara Duais, Emma Kinsella, Rang 6, SN Chluain na nGall agus an Chéad Duais Juliet Ní Dhuiginn, Rang 6, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Bhain Scoil Náisiúnta Sheosaimh agus Scoil Náisiúnta an Easpaig Uí Fhoghlú amach dearbháin le haghaidh soláthairtí ealaíne.

Comhaontú Caomhantais:

D'aontaigh Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach fóirdheontas bliantúil - nach mó ná €1,000.00 in aon bhliain áirithe - a chur ar fáil do Mhúsaem Contae Cheatharlach d'fhonn costas athchóirithe, caomhnaithe agus taispeána aon déantáin nó déantán i mbailiúchán an Mhúsaeim a ghlanadh.

Is aitheasc dathmhaisithe a bhronn craobh Chill Uisean agus na Gráige de Chonradh na Talún ar Anna Parnell agus a cheannaigh an Cumann agus an Músaem ar ceant sna blianta beaga seo caite an chéad ní a roghnaíodh. Ba í Anna deirfiúr Charles Steward Parnell.



Straitéis Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil:

Sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Heather Humphreys, Straitéis nua Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil 2016-2019 ‘Preserving the Past – Shaping the Future’. Déanann Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil (LMÚÁ) ionadaíocht thar ceann 12 Mhúsaem Údarás Áitiúil ar fud na hÉireann, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch na réigiún ar fud na tíre.

Bhí an méid seo le rá ag an Aire Humphreys ag an seoladh i mBaile Átha Cliath: “Tá ról ríthábhachtach agus réamhghníomhach ag údaráis áitiúla ar fud na hÉireann i gcur chun cinn agus i gcaomhnú an chultúir agus na hoidhreachta agus iad ag cinntiú an chaighdeáin mhaireachtála is fearr is féidir dá bpobail. Trína seirbhísí músaem treisíonn siad pobail áitiúla trí bhonn agus taca a chur faoi fhéiniúlacht agus faoi mhórtas áite. Ar an mbealach sin, cuireann na músaem seo le forbairt gníomhaíocht inbhuanaithe eacnamaíochta i gceantair áitiúla.

“Déanann an 12 mhúsaem údarás áitiúil freastal ar dhaoine de os cionn 1.8 milliún duine agus meallann siad os cionn leathmhilliún cuairteoir gach bliain. Oibríonn siad le scoileanna áitiúla agus grúpaí eile, agus tá ról suntasach acu freisin i spreagadh na turasóireachta áitiúla agus réigiúnaí trí thacú le féiniúlacht agus íomhá chultúr na hÉireann a chur i láthair cuairteoirí ó thar lear. Tá teacht aniar iontach léirithe ag líonra na músaem áitiúil le blianta beaga anuas. Anois, tríd an straitéis seo, tá earnáil na músaem áitiúil ag pleanáil don todhchaí le muinín. Cuideoidh an straitéis chun líonra na músaem áitiúil a dhaingniú mar ghné ríthábhachtach d’fhás na bpobal áitiúil.”



Heather Humphreys agus Straitéis nua Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil á seoladh aici ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath i dteannta roinnt mhaith den dáréag Coimeádaithe Músaem Údaráis Áitiúil.

Áirítear le buaicphointí na straitéise seo:

- Breathnú ar bhealaí chun teacht i dtír ar na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil chun bailiúcháin a chur chun cinn agus chun freastal ar dhaoine nua;

- Oibriú le chéile chun ról faoi leith a imirt i nDeich mBliana na gCuimhneachán;
- Breathnú ar dheiseanna do chomhoibriú tríd an gclár nua maoiniúcháin de chuid an AE;
- Leanúint le comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara a threisiú agus a fhorbairt chun príomh-mhisean an LAMN a chur i gcrích.

Dúirt John Rattigan, Cathaoirleach Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil: “Áiríonn bailiúcháin shaibhre na músaem údaráis áitiúil roinnt de na heiseamláirí is uathúla agus is spreagúla d’oidhreacht seandálaíochta agus stairiúil na hÉireann ar féidir linn sásamh a bhaint astu ar bhealaí éagsúla. Léiríonn an réimse leathan agus samhlaíoch taispeántas agus imeachtaí a chuireann na músaem údaráis áitiúil ar bun go náisiúnta an tionchar spreagúil a bhíonn ag músaem áitiúla maidir le comhtháthú sóisialta a chruthú ina gcuid pobal.”

“Mar ghrúpa d’eagraíochtaí gairmiúla, ceann de láidreachtaí uathúla an LAMN is ea an cumas ceannródaíocht a dhéanamh ar chláir nua agus samhlaíochta chun bheith rannpháirteach le pobail ar gach aoisghrúpa agus gach cúlra. Leis an straitéis uaillmhianach ceithre bliana seo, táimid ag réiteach an bhealaigh chun cinn agus muid ag déanamh ár ndícheall bealaí nua a aimsiú chun ár misean a chur i gcrích.”

Is iad seo a leanas atá in LMÚÁ - Músaem Contae Cheatharlach; Músaem Contae an Chabháin; Músaem an Chláir, Músaem Poiblí Chorcaí, An Músaem Contae, Dún Dealgan; Músaem Contae Dhún na nGall; Músaem Cathrach na Gaillimhe; Músaem Contae Chiarraí; Músaem Luimnigh; Músaem Contae Mhuineacháin; Músaem Contae Thiobraid Árann agus Taiscí Phort Láirge.

Éire 2016:

Bunaíodh an clár ‘Éire 2016’ go náisiúnta agus is tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a dhéantar é a chomhordú. Tríd an gClár Comórtha, Éire 2016, (náisiúnta agus áitiúil) tabharfar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach 1916 chun cuimhne agus taispeánfar ómós dóibh; déanfar machnamh ar thorthaí na tréimhse sin agus caithfear súil chun cinn. Iarradh ar na húdaráis áitiúla go léir clár imeachtaí a chur le chéile dá limistéar agus coiste stiúrtha agus comhordaitheoir a cheapadh.

Bunaíodh coiste ceithre dhuine dhéag de Chomhaltaí de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach i mí Eanáir agus ba é Diarmuid Ó Maolagáin a ceapadh ina Chomhordaitheoir ar an gclár, Éire 2016 - Ceatharlach.

Tá Dréachtchlár 2016 á chur le chéile ag Chomhairle Contae Cheatharlach don chontae faoi na ceannteidil seo a leanas (a) Ag Cuimhneamh (ar an éirí amach), (b) Ag Machnamh (ar an 100 bliain seo caite), (c) Ag Athshamlú (súil chun cinn). Iarradh aighneachtaí ar an bpobal níos túisce sa bhliain ar mhaithe le moltaí agus smaointe a fháil. Tionóladh Seisiún Faisnéise don Phobal le haghaidh Chontae Cheatharlach ar an 18ú Meitheamh sa Lord Bagenal Hotel, Leithghlinn an Droichid agus seoladh an scéim "Scéim Deontas Cheatharlach 2016" i dtaca le tionscadail arna stiúradh ag an bpobal.



I láthair ag an Seisiún Faisnéise don Phobal sa Lord Bagenal Hotel, Leithghlinn an Droichid, an 18ú Meitheamh bhí (C go D) Eoin Lyng, Ceann TF; Pat Delaney, An Stiúrthóir Seirbhísí; Madeline Boughton, Éire 2016; An Clr. Fintan Phelan, Cathaoirleach an chláir, Éire 2016 - Ceatharlach; Josephine Coyne, Leabharlannaí Contae; Diarmuid Ó Maolagáin, Comhordaitheoir an chláir, Éire 2016 - Ceatharlach agus Sinéad Dowling, Oifigeach Ealaíon.

Cuirfidh an scéim ar chumas grúpaí, eagraíochtaí nó daoine aonair sa chontae comhaireamh 100 bliain Éirí Amach 1916 a chomóradh ina limistéar agus é sin a bhunú ar chúig théama thrasnacha ag éirí as idéil 1916 agus imeachtaí na linne sin:

Cuimhneamh - an stair atá eadrainn go léir ar oileán na hÉireann a thabhairt chun cuimhne go samhlaíoch

Machnamh - ómós a thaispeáint dóibh siúd go léir a thug faoi athbhunú na síochána agus faoin athmhuintearas

Samhlú - leas a bhaint as an gcruithaitheacht atá ag roinnt lenár muintir go háirithe cruthaitheacht na ndaoine óga agus muid ag súil go mbeidh an saol atá romhainn níos fearr dúinn go léir

Cur i láthair - ár n-éachtaí a chur i láthair an domhain mhóir ar bhealach cruthaitheach
Ceiliúradh - leas a bhaint as an iliomad buanna ealaíne atá againn agus idéil Fhorógra 1916 a bheith mar inspioráid againn.

Comhdháil Chumann Músaem na hÉireann (CMÉ)

Chuir Diarmuid Ó Maolagáin, Coimeadaí Músaeim, páipéar faoi bhráid Chomhdháil Bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann 2015 - 'Museums in Society: Navigating Public Policy' i Músaem Uladh i mBéal Feirste ag teannadh le deireadh mhí Feabhra. Sa pháipéar, scrúdaigh sé an fás a tháinig faoi 'Cheathrú an Chultúir' i mBaile Cheatharlach agus rinne sé tagairt faoi leith don fhorbairt a rinneadh ar an bhfoirgneamh don Mhúsaem nua agus faoi mar a chuidigh an plean 'Ceatharlach 800' a bhí ag Comhairle Baile Cheatharlach chun sin a chur i gcrích. Is í an chomhdháil an príomhimeacht a bhíonn ag CMÉ agus bhí os cionn céad toscaire as earnáil na músaem agus na hoidhreachta ó cheann ceann an oileáin i láthair aici.

Comhdháil Éireannach na Meánaoisí:

Bhí an 29ú Comhdháil Éireannach do Mheánaoisí (CÉM) ar siúl ón gCéadaoin 1ú Iúil go dtí an Aoine, 3ú Iúil i bhFoircneamh Newman, Campas Belfield, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuirtear an taighde is deireanaí i Léann Éireannach na Meánaoise agus i Léann Idirnáisiúnta na Meánaoise araon i láthair ag na comhdhála.

Rinne Músaem Contae Cheatharlach urraíocht ar an seisiún 'Ceatharlach Meánaoiseach' Dé Céadaoin, an 1ú Iúil. Tugadh na cainteanna seo - 'Vikings in the Carlow Corridor' leis an Dr. Linda Doran (UCD); 'William and Isabella Marshal in Ireland' (a thóg Caisleán Cheatharlach), le Cóilín Ó Drisceoil (Seandálaíocht Chill Chainnigh / Ollscoil Mhaigh Nuad) agus 'Medieval Carlow: origins, growth and decline' leis an Dr. Margaret Murphy (Coláiste Cheatharlach). Ba é Diarmuid Ó Maolagáin cathaoirleach an tseisiúin.

Tionscadal Seandálaíochta Chnoc Bhalana:

Rinne Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (CSSC) measúnacht tionchair seandálaíochta ar Chnoc Bhalana, áit adhlactha ar bhain tábhacht náisiúnta léi in Éirinn sa Chré-umhaois. Bhunaigh an cumann Tionscadal Seandálaíochta Chnoc Bhalana (TSCB) chun an méid ábhar seandálaíochta a bhí ann a scrúdú agus chun aird a tharraingt ar thábhacht an chnoic agus é a chur ar taifead inár dtaifid seandálaíochta.

Tionscadal oidhreachta neamhbhrabúis agus atá bunaithe sa phobal is ea TSCB, atá ar bun i gcomhar le Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, Músaem Contae Cheatharlach agus le Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach.

Tá Céim 1 den tionscadal críochnaithe anois. Bhí sé d'aidhm leis an gcéim seo na déantáin seandálaíochta a tháinig as Cnoc Bhalana agus a bhí á gcoinneáil i músaeim go leor in Éirinn agus sa Bhreatain a thuairisciú agus anailís a dhéanamh orthu. Bhí seirbhísí saineolaithe a dhéanann anailís ar chré-earraí réamhstairiúla, ar an gcnámhsheandálaíocht agus ar mhíotalóireacht ón gCré-Umhaois ar fáil don tionscadal. Rinneadh measúnú freisin ar aerfótagraif agus ar shonraí Lidar chun teacht ar aon séadchomharthaí créfoirt a d'fhéadfadh a bheith ar an gcnoc. Tá tuarascáil theicniúil iomlán curtha isteach agus is féidir leis an bpobal foilseachán thorthaí Céim 1 a fháil i Leabharlann Contae Cheatharlach nó iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CSSC.

Choimisiúnaigh CSSC agus TSCB, i gcomhar leis an Músaem, an saineolaí ar photaireacht réamhstairiúil, Elaine Lynch, chun macasamhlacha a dhéanamh d'ocht gcinn de shoithí a fuarthas ar Chnoc Bhalana. Cuireadh tine faoi na potaí i bpoll oscailte i mBalana i mí Feabhra na bliana seo. Tá ceithre cinn de na potaí ann lena gcur ar taispeáint agus an ceithre cinn eile le go bhféadfar iad a láimhseáil.

Bronnadh ar Choláiste Naomh Leon

Sa dá bhliain scoile seo caite bhí an Músaem rannpháirteach sa scéim 'Bí Páirteach' a bhí ar siúl ag Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach agus ina raibh scoláirí ó Naomh Leon páirteach. Déanann líon áirithe scoláirí giota taighde nuair a bhíonn siad ag obair go deonach linn. Bheartaigh scoláire amháin, Katarzyna Kobielska, sceitse a tharraingt de ní as an mbailiúchán ó tharla go raibh sí cumasach i mbun ealaíne. Roghnaigh sí

sceitse den phuilpid a tharraingt le peann luaidhe. Ar mhéid A3 nó mar sin atá an sceitse agus is iontach go deo a mhionsonraí is atá sé. Tá an bhunchóip ar taispeáint sa Mhúsaem anois le taobh na puilpide. I mí na Samhna 2014 bhronn an Clr. Anne Ahern, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaem cóipeanna i bhfráma den sceitse ar Clare Ryan, Uas., Príomhoide Naomh Leon lena gcur ar taispeáint sa scoil agus ar Katarzyna lena gcur isteach ina portfóilió ealaíne.



An Clr. Anne Ahern, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach agus cóip i bhfráma den sceitse den phuilpid á bronnadh aici ar Katarzyna Kobielska i Scoil Naomh Leon i dteannta Clare Ryan, Uas., An Príomhoide agus Mairéad Redmond, Comhordaitheoir na hIdirbhliana.

Lucinda Sly – turas de shiúl na gcos agus plaic:

Ba í mí Márta 2015 comhairleamh na míosa 180ú bliain ó shin ó cuireadh Lucinda Sly agus John Dempsey chun báis i bPríosún Cheatharlach as Walter Sly a dhúnmharú. Ba í Lucinda an bhean dheireanach a crochadh go poiblí sa Phríosún. Tá an-spéis á chur sa scéal mar go mbaintear úsáid fós as go leor de na háiteanna a bhain leis an scéal agus mar gur mhúscail an leabhar ‘Lucinda Sly’ a scríobh Maidhc Dainín Ó Sé i nGaeilge agus ‘Lucinda Sly, A Woman Hanged’, an leagan aistrithe le Gabriel Fitzmaurice, suim an phobail sa scéal. D’eagraigh an Músaem líon áirithe siúlóidí dátheangacha thart timpeall an bhaile le cúpla bliain anuas agus de ghnáth, thosaigh siad sa Mhúsaem faoi chomhla thógála an phríosúin ónar crochadh an bheirt.

Nocht an Clr. Fergal Browne, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach plaic ina gcuimhne ar chéimeanna Theach an Ghobharnóra in Ionad Siopadóireachta Cheatharlach, Dé Luain, an 30ú Márta ag a 2.30pm an uair dhíreach ar crochadh an bheirt 180 bliain roimhe sin. Bhí seirbhís ghearr urnaí ann a raibh an tOir. Olivia Williams agus an Moins. Brendan Byrne ina bun. Bhí nóiméad ciúnais ann freisin. Tá an phlaic curtha in airde taobh istigh den bhealach isteach chun tosaigh san ionad siopadóireachta. Ba é sin an bealach isteach sa phríosún tráth.



An phlaic do Lucinda Sly agus John Dempsey á nochtadh in Ionad Siopadóireachta Cheatharlach (C go D): an Moin. Brendan Byrne, an tOir. Olivia Williams, an Clr. Fergal Browne, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus Seán MacDiarmada, Oifigeach Foirne, Músaem Contae Cheatharlach.

Clog do Naomh Colmán:

Ba í an bhliain 2015 an 1400ú bliain ó bhásaigh Naomh Colmán a rugadh faoi scáth Stua Laighean, thart ar Mhíseal, seans. In Bobbio san Iodáil atá sé curtha. Misinéir Eorpach mór le rá ba ea é a bhunaigh líon áirithe mainistreacha tábhachtacha sa Fhrainc agus san Iodáil.



I Músaem Contae Cheatharlach leis an gClog do Naomh Colmán tá (C go D) Diarmuid Ó Maologáin, an Clr. Walter Lacey, Fergal Browne, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach agus Bridget Fox, Rúnáí Choiste Cholmáin, Míseal.

Tugadh clog a múnlaíodh san Iodáil go hÉirinn don chomóradh agus iompraíodh é ar Thuras Cholmáin. Chomhoibrigh an Músaem le Bridget Fox, Rúnáí Choiste Cholmáin, Míseal chun na socrúithe a dhéanamh go dtabharfaí an clog chomh fada le roinnt láithreacha i mBaile Cheatharlach. Tugadh an clog chomh fada le Coláiste Cheatharlach, IT Cheatharlach agus Ard-Eaglais Cheatharlach chomh maith leis an Músaem. Bhí an clog i ndeisceart an Chontae ar feadh roinnt laethanta agus go háirithe i Míseal agus i nDroim Féich.

Naomh Willibrord, Pátrún Lucsburg:

Le roinnt blianta anuas bhí Músaem Contae Cheatharlach i dteagmháil le Willibrordus Bauverein, (Fondúireacht Willibrord) in Echternach i Lucsburg. Tá grúpaí agus eagraíochtaí sa dá thír tar éis a bheith i dteagmháil le chéile le fiche bliain nó mar sin. Tá sraith imeachtaí á mbeartú don bhliain 2017 ag an Músaem i gcomhar le Fondúireacht Willibrord, Deoise Chill Dara agus Leithghlinne agus Deoise Leithghlinne chun an ceangal stairiúil atá idir an dá áit a cheiliúradh.

Tá láithreán seandálaíochta suite i mbaile fearainn Gharraí Uí Bhruacháin, Co. Cheatharlach ar a dtugtar Cill Eoghain, Ráth Meilsí nó Reilig Chluain Meilsí orthu go coitianta. Ba ar an láithreán seo a bhí an lonnaíocht eaglasta Angla-Shacsanach ba thábhachtaí in Éirinn sa seachtú agus san ochtú céad.

Mar thoradh ar an ndlúthchaidreamh seo idir na mainistreacha in Éirinn agus na mainistreacha san Eoraip bunaíodh líon áirithe lonnaíochtaí eaglasta in Éirinn ina raibh cóiríocht le fáil ag manaigh Eorpacha, agus ag manaigh Angla-Sacsanacha go háirithe. Ba í an lonnaíocht i nGarraí Uí Bhruacháin an ceann ba mhó díol suntais díobh sin. Tá an-seans ann go raibh baint dhíreach ag an láithreán leis an mainistir a bhí suite ar an láithreán ar a bhfuil Ard-Eaglais Molaise i Seanleithghlinn anois. Príomhlonnaíocht eaglasta a bhí sa mhainistir seo ar feadh roinnt céadta bliain.

Bhí an scoláire darbh ainm Willibrord as Northumbria ag cur faoi agus á chur faoi oiliúint i Ráth Meilsí idir 678AD agus 690AD. Ba é a bhí i gceannas aon mhanach déag eile a bhí ag cur fúthu i gCeatharlach nuair a d'fhág siad an áit sin chun tabhairt faoi mhisean mór sa Fhreaslainn. Choisric an Pápa Sergius I ina Easpag é sa bhliain 695AD. Thóg sé ardeaglais in Utrecht san Ollainn ar dtús ach ina dhiaidh sin bhog sé go dtí an áit ar a dtugtar Lucsburg inniu agus go baile Echternach mar ar bhunaigh sé mainistir. As sin lean sé air ag comhordú na misean chuig na tíortha máguaird. Bhásaigh sé sa bhliain 739AD agus 81 bliain slánaithe aige. Tá sé curtha faoin bhfód in Echternach, an t-aon naomh atá curtha i Lucsburg.



Fir dhóiteáin áitiúla ag iompar Taise N. Willibrord agus ina ndiaidh an damhsa beag ó 10,000 duine.

Bhunaigh sé teach screaptra an-tábhachtach freisin mar chuid den mhainistir in Echternach agus bhíodh roinnt mhaith de na Bíoblaí móra Eorpacha, chomh maith le sailm agus leabhair urnaí á scríobh sa Mhainistir ar feadh i bhfad. Is é is dócha gur mhanaigh de bhunadh Cheatharlach iad na chéad scríobhaithe.

Eagraítear féilte móra deabhóide agus cráifeacha fós ina onóir agus go háirithe mórshiúl an damhsa bhig, damhsa a dhéantaí in am N. Willibrord agus go fiú, b'fhéidir, roimhe sin. Bíonn mórshiúl an damhsa bhig ann gach bliain an Mháirt tar éis Domhnach Cincíse. Tá Stádas na hOidhreachta Domhanda de chuid UNESCO faighte ag mórshiúl an damhsa bhig.

Thaistil an tAth. John Cummins, Riarthóir Pharóiste Ard-Eaglais Cheatharlach; An tOll. Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, OÉ Gaillimh; Louise Doyle, Tully's Travel agus Diarmuid Ó Maologáin, Coimeadaí Músaem go dtí Echternach mar chuid d'fhéile mhórshiúl dhamhsa beag na bliana 2015 agus mar ullmhúchán do 2017. Bhí comhráite acu le Fondúireacht Willibrord, Músaem Echternach agus le Paróiste Echternach. Ghlac siad páirt sa mhórshiúl freisin. Dé Luain, an lá roimh an mórshiúl thug an tOll. Ó Cróinín léacht phoiblí uaidh ar N. Willibrord agus an bhaint a bhí aige le Ceatharlach. Roimh an léacht rinne an tAth. John Cummins agus Diarmuid Ó Maologáin píosaí cainte faoi Cheatharlach.



An tAth. John Cummins ag labhairt in Eaglais N. Peadar agus N. Pól

Seachtain na hOidhreachta 2015:

Ba í an tseachtain ón Satharn 22ú Lúnasa go dtí an Domhnach an 30ú Lúnasa, agus an dá lá sin san áireamh Seachtain na hOidhreachta 2015 agus rinne an Músaem an bholscaireacht ar fud an chontae do na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl i Seachtain na hOidhreachta a chomhordú thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach.

Áiríodh leis sin an bróisiúr ina raibh liosta de na himeachtaí éagsúla a fhoilsiú. Cuireadh leaganacha leictreonacha den bhróisiúr ar shuíomhanna gréasáin Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Thurasóireacht Cheatharlach chomh maith lena scaipeadh trí na meáin shóisialta. Cuireadh fógraí i ngach aon cheann de na nuachtáin áitiúla. Bhí Irishtv.ie i láthair ag líon áirithe imeachtaí agus chraol siad iad ar a gclár, Carlow Matters.

D'eagraigh an Músaem comhfheachtas raidió ar KCLR 96FM i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta Chill Chainnigh, faoi mar a rinneadh sna blianta roimhe sin. Mar a tharla sna blianta roimhe sin rinne KCLR líon áirithe pacáistí a réamhthairfeadh agus a chraoladh roimh an imeacht áirithe chun níos mó daoine a spreagadh le bheith i láthair. Bhí siad seo a leanas i measc na n-imeachtaí a roghnaíodh i gCeatharlach

‘Lucinda Sly – A Woman Hanged’ leis an Músaem agus baill foirne de chuid Ionad Siopadóireachta Cheatharlach; ‘Eastwood House and the Moneybeg Demense’ le Myles Kavanagh, Muine Bheag agus ‘Guided Walk of St. Moling's Pilgrim's Way, St Mullins’ le Bridie Lawlor. Socraíodh go ndéanfaidh siad seo agallamh beo i rith na seachtaine - Séamus Murphy, CSSC; Mary White, Blackstairs Ecotrails agus Brigid Fox, Muintir na Tíre, Míseal.



Chraol KCLR 96FM a seó maidine faoi stiúir John Masterson beo ón Músaem Dé Céadaoin, an 26ú Lúnasa.

Bhí an turas ‘Carlow - A Journey to the Past’ ag CSSC i bPáirc an Bhaile Dé Sathairn an 22ú Lúnasa agus d'éirigh go maith leis. Iarradh ar Mhúsaem Contae Cheatharlach a n-imeacht 'Tochaltóirí Óga' a bheith ar siúl mar chuid den chlár. Rinne baill foirne de chuid an Mhúsaem agus oibrithe deonacha an obair chomhordaithe ar shraith de thochailtí seandálaíochta le leanaí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois ar feadh an lae.



Bhí dhá léacht phoiblí eagraithe ag an Músaem don Luan agus don Déardaoin. Dé Luain an 24ú Lúnasa thug an Dr. Linda Doran an léacht ‘Medieval settlement hierarchy in Carlow and the ‘Carlow Corridor’ 1200-1550’. I dTeampall Mhuire, Eaglais na hÉireann, Ceatharlach, a thug sí í. Déardaoin, an 27ú Lúnasa thug Noelle Grothier de bhunadh Cheatharlach, cartlannaí sa Chartlann Mhíleata an léacht ‘Carlow during the Revolutionary Period (1913 -1922): Sources for Research’ i seomra Chomhairle Contae Cheatharlach.

Dé Céadaoin, an 26ú d'eagraigh an Músaem an turas 'Lucinda Sly – a woman hanged', de shiúl na gcos thart ar an mbaile agus ar na cillíní i bPríosún Cheatharlach ina mbíodh na príosúnaigh daortha á gcoinneáil.

BBC Raidió Uladh:

Tá BBC Raidió Uladh tar éis scéalta éagsúla a bhain leis an gCéad Chogadh Domhanda agus go háirithe leis an saol in Éirinn ag an am agus le rud ar bith a bhain leis an gcogadh a thairfeadh. Áirítear leis na scéalta sin súsán a bheith á bhaint chun é a úsáid i gcóiriú máinliachta nuair a bhí cadás gann; cúlra an amhráin 'It's a Long Way to Tipperary' agus an campa géibhinn a bhí sa Seanchaisleán i gCo. na Mí. Ceann de na scéalta sin é an scéal faoi Mhonarcha Bróg Mhic Goibheanaigh ina mbítí ag déanamh buataisí don arm sa tréimhse sin. Ba é Micheál Mac Goibheanaigh, úinéir Uiscí Mianraí Uí Chorcráin an té a d'oscail an mhonarcha in 1903.



Dan Carbery faoi agallamh ag Elizabeth Rice, BBC Raidió Uladh

Tháinig Elizabeth Rice, BBC Raidió Uladh chomh fada le Músaem Contae Cheatharlach mar ar thairfead sí Dan Carbery agus Paul Maguire, Músaem Míleata Chontae Cheatharlach agus iad ag cur síos ar an monarcha bróg os comhair an taispeántais atá anseo againn faoin Monarcha. Oibríonn Dan go deonach sa Mhúsaem agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Bhord an Mhúsaeim tráth ach is de shliocht Mhichíl Mhic Goibheanaigh é freisin agus maidir le Paul bhíodh a thuismitheoirí ag obair sa mhonarcha. Seo é an nasc: <http://www.bbc.co.uk/programmes/p036nb8w>

An Líon Cuairteoirí:

Bhuail 18,046 cuairteoir isteach sa Mhúsaem ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2015. Ní áirítear leis sin na cuairteoirí a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí a bhí ar siúl taobh amuigh ag an Músaem, mar a thugtar síos sa tuarascáil seo.

An Fhoireann:

Beirt atá ag obair go lánaimseartha sa Mhúsaem, Diarmuid Ó Maologáin, Coimeádaí Músaeim agus Seán MacDiarmada, Oifigeach Foirne agus Martin O'Rourke, Maor Cothabhála, a oibríonn i bpostroinnt idir an Músaem agus an tSeirbhís Leabharlainne. Bhí beirt a bhí ar an scéim Tús linn, Pawel Kuchariski agus Paula Pela. Chríochnaigh Amanda O'Neill a hintéirneacht i mí Eanáir agus chríochnaigh Joanne Tuohy a ceann féin i mí na Samhna. Tháinig Kelly Mooney isteach i gComhairle Contae Cheatharlach

tríd an gClár Earcaíochta Céimithe agus tá sí ag obair leis an Músaem ar an tionscadal, Éire 2016 agus ar Sheachtain na hOidhreachta.

Tá an Músaem fíorbhuíoch don lear mór oibríthe deonacha a chuidíonn linn ó cheann ceann na bliana. Bhí an chóisir Nollag bhliantúil do na hoibríthe deonacha ar siúl in Ionad Delta i mí na Nollag chun a saothar a chúiteamh leo.